# CREIDEAMH NA MUINTIRE A CHOTHÚ TRÍD AN DÚLRA

Acmhainn don Teaghlach agus do Ghrúpaí Teaghlaigh an Pharóiste



Trócaire

LE CHÉILE AR MHAITHE LE DOMHAN CÓIR

# CLÁR ÁBHAIR


MAIDIR LE TRÓCAIRE 2

CAD ATÁ SAN ACMHAINN SEO? 3

CONAS AN ACMHAINN A ÚSÁID 3


SEISIÚN 1: FILLEADH AR AN NÁDÚR 4

SEISIÚN 2: AN CHLANN UILÍOCH 6

SEISIÚN 3: CRUTHAÍODH MUID LE GRÁ A LÉIRIÚ 8

SEISIÚN 4: AN CREIDEAMH AGUS AN GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE 11


# MAIDIR LE TRÓCAIRE



Bunaíodh Trócaire i bhfreagairt ar an mbearna méadaithe idir saibhir agus bocht agus ar an dualgas atá orainne ar fad, an bhearna a laghdú. Tá Trócaire fréamhaithe i bprionsabal an teagaisc shóisialta Chaitlicigh, atá bunaithe ar an gcreideamh go bhfuil plean an chruthaithe ag Dia, plean chun ríocht na síochána, an ghrá agus an cheartais a thógáil. I bhfocail dhoiciméad bhunaidh Trócaire, inar thug easpaig na hÉireann sainordú láidir soiléir don eagraíocht, 'Tá a fhios againn nach féidir linn a rá go fíor go bhfuil grá againn do Dhia mura bhfuil grá againn do dhaoine eile.'

Bíonn Trócaire ag obair trí eagraíochtaí comhpháirtíochta áitiúla ó bunaíodh é. Tá comhpháirtíocht i gcroílár an mhodha oibre a bhíonn ag Trócaire. Oibrímid le heagraíochtaí áitiúla an chreidimh agus le heagraíochtaí neamhchreidmheacha a roinneann ár luachanna agus atá ag obair ar aon cheann, nó ar gach ceann, dár gcláir lárnacha maidir le cumhachtú na mban, le cearta acmhainní agus leis an ullmhacht agus an fhreagairt dhaonnúil.

Tuigeann na heagraíochtaí seo riachtanais an phobail agus is iadsan is fearr atá in ann oibriú leis an bpobal chun athruithe inbhuanaithe fadtéarmacha a chur ar domhan. Sa cháipéis bhunaidh, d'iarr easpaig na hÉireann ar Trócaire oideachas a chur ar mhuintir na hÉireann maidir le ceisteanna forbartha. Anois agus sinn ag éisteacht le caoineadh an domhain, mar a d'iarr an Pápa Proinsias orainn i *Laudato Si'* agus i *Laudate Deum*, agus ag éisteacht leis na pobail a mbímid ag obair leo, is é ár ndóchas ar domhan 'go rithe an fhíréantacht mar uisce agus an t-ionracas mar shruth gan dísc! (Amós 5:24)

# CAD ATÁ SAN ACMHAINN SEO?

Tá an acmhainn seo ann chun cabhrú le teaghlaigh, agus le grúpaí teaghlaigh an Aifrinn, cuid de na saincheisteanna i litir an Phápa Proinsias maidir le cúram a dhéanamh den áit chónaithe coiteann, a phlé. I 2015 scríobh an Pápa Proinsias litir chuig 'gach duine a chónaíonn ar an bpláinéad seo'. Thug sé *Laudato Si'* ar an litir, rud a chiallaíonn 'Moladh Leat'. Tugann sé deis dúinn machnamh a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú ar an saol, agus éisteacht le caoineadh an domhain agus le himpí na mbochtán. Tugann sé cuireadh dúinn a thuiscint go maireann Dia i ngach aon rud ar chruthaigh sé. Iarrann an Pápa Proinsias ar gach duine againn smaoineamh ar an tionchar atá ag an ngéarchéim comhshaoil ar na deirfiúracha agus ar na deartháireacha is boichte a chónaíonn ar an bpláinéad seo.

Mhothaigh sé go raibh gá ann labhairt le 'daoine dea-thola' ar fad arís, mar gheall ar gur beag dul chun cinn atá déanta againn maidir le dul i ngleic leis na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta. Molann sé do na ceannairí domhanda ach go háirithe, na hathruithe práinneacha is gá a dhéanamh chun ár n-áit chónaithe choiteann a chosaint, a chur i gcrích. Lorgaíonn sé foirmeacha nua den fhuinneamh glan agus comhoibriú chách ionas gur féidir athrú buan a chur i bhfeidhm.

Úsáideann an acmhainn seo machnaimh ón dá dhoiciméad, *Laudato Si'* agus *Laudate Deum*, chomh maith leis na scrioptúir agus íomhánna áirithe, chun na saincheisteanna a iniúchadh go domhain. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le scríbhneoirí *Hello, Sister Bee*, a thug cead dúinn cuid dá saothar a úsáid.

# CONAS AN ACMHAINN A ÚSÁID

San acmhainn seo, tugtar cuireadh daoibh teacht le chéile mar theaghlach chun breathnú níos géire ar cheartas aeráide, ar *Laudato Si'*, *Laudate Deum* agus ar ár gcreideamh. Tá ceithre sheisiún ann, agus is féidir iad a dhéanamh sa bhaile leis an teaghlach nó le teaghlaigh eile i ngrúpaí beaga sa pharóiste. Breathnóimid ar roinnt íomhánna, agus ar theagasc áirithe, agus gheobhaimid amach conas is féidir linn ár gcreideamh a chur i ngníomh. Bíonn tuiscint éagsúil ag daoine éagsúla faoi cad is teaghlach ann. Tugtar cuireadh daoibh bhur dteaghlach paróisteach féin a chruthú.

Smaoinígí ar na grúpaí lena mbaineann sibh; mar shampla, an teaghlach, an paróiste, an rang, na cairde, seantuismitheoirí agus garchlann, grúpaí óige, freastalaithe Aifrinn, scoil an Domhnaigh. Tá an t-ábhar seo oiriúnach do na grúpaí sin go léir agus do níos mó acu.

Ba chóir go mairfeadh na seisiúin thart ar 60 nóiméad. Ná bíodh drogall oraibh codanna a phiocadh agus a roghnú laistigh de na seisiúin seo, in oiriúint don aoisghrúpa lena mbíonn tú ag obair. Ní gá gach seisiún a leanúint go díreach mar atá sé leagtha amach anseo.

*Is féidir cóip de Hello, Sister Bee a cheannach ón siopa leabhar ag Cnoc Mhuire:
https://www.knockshrine.ie/product/hello-sister-bee-laudato-si-retold-for-children/



# SEISIÚN 1: FILLEADH AR AN NÁDÚR

## Céim 1

Am 10n

Féach ar an ngrianghraf den áit álainn seo. Iarr ar gach duine i do ghrúpa a dtuairimí a roinnt maidir leis an rud a fheiceann siad. Iarr orthu smaoineamh ar áit sa domhan nádúrtha ar mhaith leo dul ann, áit éigin sa cheantar más féidir. Pléigh cuid de na ceisteanna seo a leanas:

- Cá bhfuil an áit ar roghnaigh tú?
- Cén fáth go dtaitníonn sé leat?
- Cad é faoin áit seo atá speisialta duitse?
- Cad taithí a bhíonn agat nuair a bhíonn tú anseo? Cad a bholaíonn, a fheiceann tú, cén teagmháil, cad a chloiseann tú?
- Conas a mhothaíonn tú agus tú ann?
- Cathain a théann tú ann?
- An dtugtar aire mhaith don áit seo?

## Céim 2: Cad a Deir ár gCreideamh Faoi?

Am 20n

Bhfuil aon rud le rá agaibh faoin áit thuasluaite? Iarr ar an ngrúpa a gcuid smaointe a scríobh ar nótaí greamaitheacha agus iad a chur ar an mballa. Feiceann agus cloiseann daoine rudaí ar bhealaí éagsúla, mar sin is maith an rud é tuairimí an duine eile a chloisteáil.

**Scrioptúr**

Chruthaigh Dia an domhan

Fadó, i dtús báire, rinne Dia an domhan. Rinne sé an ghrian chun solas a thabhairt sa lá. Rinne sé an ghealach agus na réaltaí don oíche.



Rinne sé éin le heitilt sa spéir, éisc le snámh san fharraige, agus ainmhithe le bheith ar an talamh.

Bhreathnaigh Dia thart ar na rudaí a bhí déanta aige, agus bhí sé an-sásta. Ansin rinne Dia fear agus bean, agus chuir i mbun an domhain nua iad chun cúram a dhéanamh de na plandaí agus de na crainn, de na héin agus de na hainmhithe. Chuir sé ina gcónaí in áit álainn iad.

Bhí aibhneacha agus crainn ann, agus gach uile shaghas toraidh mar bhia. Gairdín Éidin ab ainm don áit.

(*An Bíobla do Pháistí*)

**Laudato Si'**
Nuair a thuigimid go maireann Dia i ngach ar chruthaigh sé, spreagtar sinn leis an Tiarna a mholadh dá bharr, agus lena adhradh in éineacht leo. (LS, 87)

**Laudate Deum**
'Moladh le Dia as gach ar chruthaigh sé'. Ba é sin an mana a d'fhógair Naomh Proinsias Assisi ina shaol, ina shaothar, sna cainticí a chum sé. Is ar an mbealach sin a ghlac sé leis an gcuireadh a dtugtar dúinn sna Sailm, agus a léirigh Íosa sa bhealach inar dhéileáil sé leis an domhan ar chruthaigh Dia ár nAthair: 'Tugaigí faoi deara lilí an bháin, mar a fhásann siad; ní dhéanann siad saothar ná sníomh. Ach deirim libh nach raibh ar Sholamh féin, dá mhéad a ghlóir, cóir éadaigh mar atá ar cheann díobh seo. (Matha 6:28-29). 'Nach ndíoltar cúig ghealbhan ar dhá phingin? Agus fiú aon cheann amháin acu, níl dearmad air i láthair Dé. (Lúcás 12:6). Ba cheart go mbeadh ard-mheas againn ar dhearcadh Íosa i leith na nithe ar fad atá inár dteannta ar aistear na beatha. (LD,1)

## Céim 3: Aimsigh na Naisc

**Am**
20n

Cuir tús le plé, ag tarraingt ar an áit is fearr leat. Bain úsáid as na ceisteanna seo chun cabhrú leat:

- Cén taithí atá agat ar Dhia san áit seo?
- Conas mar a d'fhéadfadh Dia a bheith ag súgradh nó ag ligean scíthe ansin?
- An féidir leat nasc ar bith a dhéanamh idir na hábhair mhachnaimh agus an áit is fearr leat?
- An dóigh leat go bhfuil cúram Dé ar an spás is fearr leat?
- An labhraíonn tú riamh le Dia amuigh faoin aer, nó maidir leis an dúlra féin?

## Céim 4: Gníomhú

**Am**
10n, móide gníomhaíocht

**Guí**

**Laoi Naomh Proinsias Assisi**

Moladh leat, a Thiarna liom, le do chréatúir go léir,
Go háirithe an Bráthair uasal Grian,
Óir soilsíonn sé an lá; is tríd a ghealann tú ár saol;
É niamhrach, é lonrach le sáráilleacht,
Gur leatsa féin is samhalta é, a Ró-Aird.
Moladh leat, a Thiarna liom, ón tSiúr Ré agus na réaltaí:
Chuir tú ar an spéir iad go soilseach, luachmhar, gléineach.
Moladh leat, a Thiarna liom, ón mBráthair Gaoth,
Ón aer, ó na néalta, ó shoineann is ó gach síon,
Ós tríothu a chothaíonn tú do chréatúir.
Moladh leat, a Thiarna liom, ón tSiúr Uisce,
Atá fóinteach, umhal, glan, luachmhar.
Moladh leat, a Thiarna liom, ón mBráthair Tine.
Trína bhíthin tugann tú solas don oíche,
Agus é chomh hálainn suairc, chomh láidir groí.
(*Laudato Si'*, 64)

## An Teaghlach i nGníomh

Téigh go dtí an pháirc phoiblí, chuig gairdín nó chun na háite faoin spéir is ansa le duine agaibh. Cén tsiombail de chruthaíocht Dé atá le sonrú anseo? Déan machnamh leis an ngrúpa ar bhrí na siombaile. Mura mbíonn deis agaibh dul amach faoin aer i rith an tseisiúin seo, cuir am i leataobh chun é seo a dhéanamh i rith na seachtaine.

Féach ar mhionsonraí na siombaile atá agat.

An bhfuil focal nó frása a thagann chun cuimhne agus tú ag smaoineamh air? Déan machnamh ar an bhfrása seo le do ghrúpa.

# SEISIÚN 2: AN CHLANN UILÍOCH

## Céim 1

**Am**
10n

Níl sé cothrom i saol an lae inniu go mbeadh rachmas ar aicme áirithe nuair a bhíonn go leor daoine ar an ngannchuid. Iarrann an Pápa Proinsias orainn cuimhneamh air, go bhfuil cónasc eadrainn go léir agus tugann sé cuireadh dúinn maireachtáil go coinsiasach, smaoineamh go domhain, agus grá a thabhairt go fial (*Laudato Si'*, 47). Déanaimid é seo nuair a thagann pobail le chéile chun aire a thabhairt don chruthú agus dóibh siúd is mó atá thíos leis ón éagóir aeráide.

Labhair faoi do chomharsana, lena chéile mar theaghlach. An bhfuil aithne agat orthu? Cén uair dheireanach a labhair tú le do chomharsa? An bhféadfá a shamhlú gur comharsana libhse iad na daoine éagsúla ar fud an domhain agus go bhféadfaidís a bheith cairdiúil libh?

An smaoiníonn tú riamh ar an dúlra nó ar an Mháthair-Chruinne a bheith mar do chomharsa? Nach gá duit an dúlra a chosaint agus am a chaitheamh leis?

## Céim 2: Cad a Deir ár gCreideamh Faoi?

**Am**
20n

**Scrioptúr**

An Samárach Maith



'Conas a léireoidh mé grá do Dhia?' a d'fhiafraigh fear d'Íosa.

'Gráfaidh tú Dia ó do chroí,' arsa Íosa, 'Agus gráfaidh tú do chomharsa mar thú féin'. D'inis sé an scéal seo. 'D'ionsaigh robálaithe fear a bhí ag taisteal in áit uaigneach, uair. Leadair siad é agus d'fhág é gortaithe go mór. Ní fhéadfadh sé na súile a oscailt fiú. Chuala sé duine ag teacht ina threo, ach d'imigh na coiscéimeanna uaidh arís. Tharla an rud céanna tamall ina dhiaidh sin.

Ansin chuala sé an '*trup trup*' á dhéanamh ag asal. Strainséir ó thír eile, Samárach a bhí ann. Stop sé agus chabhraigh sé leis an bhfear gortaithe.

Nigh sé a chréachtaí go réidh. Chuir sé an fear ar a asal féin agus thug sé chuig teach ósta é. Rinne sé cúram den fhear gortaithe, den strainséir. Bhí sé cineálta leis.

**Laudato Si'**

Tá nithe an domhain nasctha lena chéile, agus an chine dhaonna mar dheartháireacha agus deirfiúracha dá chéile, ar aistear iontach na beatha. Snaidhmtear lena chéile muid trí ghrásta Dé, tríd an ngrá a léiríonn sé don domhan ar chruthaigh sé. Aontaíonn an nasc grámhar seo muid leis an mBráthair Grian, leis an tSiúr Ré, leis an mBráthair Uisce, leis an Mháthair-Chruinne. (LS, 92)

**Nóiníní sa Pháirc**

Lá álainn atá ann. Tá Mam agus Daid ar chuairt chuig na seantuismitheoirí atá ina gcónaí faoin tuath, leis an mbeirt pháiste acu. Is aoibhinn leis na páistí na seantuismitheoirí. Beireann Mamó agus Daideo barróga orthu agus imríonn siad cluichí iontacha leo.

'Seo an t-earrach, agus tá na bláthanna ag péacadh,' arsa Mamó agus iad ag spaisteoireacht i dtreo gharraí na nglasraí. Bhíodar ag siúl ar an bhféar bog úr.

'Tá sé ar nós a bheith ag siúl ar bhrat urláir,' arsa Ciara.

'Díreach é', arsa Mamó.

Bhí na páistí ag rith go sásta i measc na nglasraí. Chualadar an tseanmháthair ag glaoch amach: 'Gabhaigí i leith, tá nóiníní anseo!'

Thángadar agus saothar anála orthu. 'Nach álainn iad', a dúradar beirt!

'Piocfaidh mise iad,' arsa Tomás. 'Ná déan,' a d'fhreagair Ciara go crosta. 'Piocfaidh mise iad'.

'Anois a pháistí,' arsa Mamó, 'céard faoi na nóiníní a fhágáil mar atá siad?

Bheadh áthas ar Dhaideo iad a fheiceáil mar atá siad. Ba cheart na bláthanna a fhágáil san áit ina gcuirtear iad, in aice lena gcuid cairde. Tugann na beacha cuairt orthu, agus iliomad feithidí eile.'

'Nár dúirt Naomh Proinsias gur deartháireacha agus deirfiúracha linne iad na bláthanna?' arsa Ciara.

'Go deimhin,' arsa Mamó.

'Slán mar sin, a dheirfiúracha nóiníní', arsa an bheirt pháiste agus iad ag rith go soineanta ar an bhféar bog. (Bunaithe ar *Hello, Sister Bee* le Luigi Ferraresso agus Fabrizio Zubani)

**Laudate Deum**
Bíonn tionchar ar fud na cruinne ag an eachtra a tharlaíonn in áit amháin ar domhan. Éistigí leis na rudaí a deirim athuair: 'Bíonn gach neach nasctha lena chéile' agus 'Ní shlánaítear duine ina aonar'. (LD, 19)

## Céim 3: Aimsigh na Naisc

**Am**
20n

Pioc ceann de na gníomhaíochtaí seo le déanamh leis an ngrúpa.

1) Samhlaigh crann sa dúiche sin agaibh. An raibh a fhios agat go mbíonn suas le 50,000 duilleog ar chrann fásta? Caitheann gach duilleog acu ceo uisce amach. Cad a tharlaíonn don cheo seo? Seans go dtéann sé isteach in abhainn nó i sruthán. B'fhéidir go mbeadh sé le sonrú i do chupán tae nó sa ghloine uisce, nó i gcithfholcadán na maidine. D'fhéadfadh go mbainfí úsáid as le linn an bhaiste. Uisce atá i 70% de chomhdhéanamh an choirp. Uisce atá i 70% de chomhdhéanamh na cruinne. Nasctar go dlúth muid le hiomlán an chruthaithe.
2) Tarraing crann ollmhór le cailc ar an talamh lasmuigh, nó ar leathanach ollmhór istigh le marcóir. Bronn píosa cailce nó marcóir den dath céanna ar chách.
   Iarr ar chách suas le 20 duine a ainmniú (ar dhuilleog amháin an duine), le cur leis an gcrann – daoine a bhaineann leis an teaghlach, nó cairde, nó daoine a bhíonn ag imirt leo, le spórt nó cúrsaí eaglaise lena mbaineann siad. Bronn píosa cailce nó marcóir den dara dhath céanna ar chách agus iarr orthu éin, nó peataí nó ainmhithe a bhaineann leo a chur leis an gcrann chomh maith. Tabhair cead dóibh a bheith ag caint faoi na peataí, faoin saol faoin tuath, faoin saol ar an bhfeirm, faoin ainmhí is ansa leo. Bíonn suim acu ina leithéid, agus cuireann siad aithne ar a chéile mar sin. Bain úsáid as an tríú dhath le plandaí agus bláthanna a chur ar a thuilleadh duilleog, agus ainmneacha na n-áiteanna a spreagann iad, nó a thaitníonn leo a lua.

Suígí thart ar an gcrann ag smaoineamh ar an méid a dúradh faoi naisc a dhéanamh. Cuir na ceisteanna seo:

- Cé hiad mo chomharsana i súile Dé?
- Cé hiad na daoine a mbeadh meas agam orthu, agus iad a ghrá?

## Céim 4: Gníomhú


**Guí: Urnaí ar son an Domhain**

**Am**
10n, móide gníomhaíocht

A Dhia na mbocht,
cuidigh linn na daoine tréigthe
agus dearmadta ar an domhan seo a shábháil, iad san atá luachmhar i do shúile. Tabhair leigheas isteach inár saol, ionas go ndéanfaimis an talamh a chosaint agus gan creach a dhéanamh air, ionas go gcuirfimis áilleacht in áit an truaillithe agus an loit.
(*Laudato Si'*, 246)

## An Teaghlach i nGníomh

Déan siúlóid fhuinnimh timpeall ar do cheantar. Féach ar a bhfuil ar siúl ag do chomharsana agus ag an bpobal, chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide. An féidir leat painéil ghréine nó tuirbíní gaoithe a thabhairt faoi deara? An bhfeiceann tú aon rud eile suimiúil ó thaobh na timpeallachta ann?



# SEISIÚN 3: CRUTHAÍODH MUID LE GRÁ A LÉIRIÚ

## Céim 1

Am
10n

Pléigh na ceisteanna seo leis an ngrúpa:

- Cad a d'fhoghlaim tú ón dá sheisiún deireanacha?
- Cad a spreag nó a thug dúshlán duit?
- Cén bhaint atá agat leis anois? Conas a mhothaíonn tú faoi sin?

Breathnóimid ar chiorcal an tionchair. Is féidir leat an teimpléad ar leathanach 9 a úsáid nó 3 chiorcal mhóra a tharraingt ar leathanach bán. Nuair a bhíonn ceist chasta ann, is deacair an rud é a fhios a bheith agat cad é an rud ceart atá le déanamh. Ag baint úsáide as an teimpléad ar leathanach 9, comhlánaigh do chiorcal an tionchair. Is féidir é seo a dhéanamh mar ghrúpa nó mar dhaltaí aonair.

## Céim 2: Cad a Deir ár gCreideamh Faoi?

Am
20n



**Scrioptúr**
**Cabhraíonn an Spiorad Naomh**

Chabhraigh Dia le Peadar agus Eoin agus a chairde eile a bheith fuinniúil cróga.

Labhair Peadar leis na sluaite.
'Is é Íosa, mac Dé,' ar sé. 'Tá grá aige duit agus fuair sé bás ar do shon. Is eisean an Tiarna ar an domhan go léir. Is é Rí an domhain uile é. Ná bígí ag déanamh an oilc. Abair leis go bhfuil brón oraibh. Maithfidh sé daoibh é.' D'éist a lán daoine le Peadar. D'fhoghlaim siad faoi Dhia le chéile. Ghuigh siad chun Dé agus rinne é a adhradh lena chéile. Bhí béilí acu lena chéile. Rinne siad cúram de chách agus roinneadar lena chéile.

Chabhraigh Dia leo na daoine a bhí tinn a leigheas, díreach mar a rinne Íosa. Ní raibh eagla a thuilleadh ar chairde Íosa. Thuigeadar go raibh seisean ina dteannta, ar bhealach dofheicthe, ar nós na gaoithe.


**Laudato Si'**
Tugann Naomh Thérèse ó Lisieux cuireadh dúinn cleachtadh a dhéanamh ar mhodh beag an ghrá, gan dearmad a dhéanamh ar fhocal cineálta a rá, ar aoibh gháire nó ar aon chomhartha beag a chuireann leis an tsíochán agus leis an gcairdeas … gothaí simplí laethúla a bhriseann le modh an fhoréigin, an dúshaothraithe agus na féiniúlachta. (LS, 230)

Bíonn an grá ag cur thar maoil le gothaí beaga an chomhchúraim. Bíonn sé le sonrú i ngach aon ghníomh a bhíonn ag iarraidh an domhan níos fearr a thógáil.

**Laudate Deum**
Bíonn bláthanna áille na páirce agus na héin ar chuir Íosa suim cheanúil iontu, lán dá láithreacht spleodrach. Canann an domhan laoi chumainn gan teorainn: conas is féidir linn gan aire a thabhairt dó? (LD, 65)

**Ciorcal na gCúraimí**
Scríobh an t-ábhar buartha atá agat faoi ghéarchéim na timpeallachta anseo.

**Ciorcal an Tionchair**
Scríobh anseo na líonraí daoine atá ar eolas agat; an teaghlach, do mhuintir, do chairde, baill an phobail, clubanna agus araile.




**Ciorcal an Smachta**
Scríobh síos na rudaí a mbíonn smacht agat orthu, agus na rudaí gur féidir leat a chur i gcrích ar bhealach atá bunaithe ar an eolas san dá chiorcal roimhe seo.

## Céim 3: Aimsigh na Naisc

**Am**
20n

Conas mar a bheadh an saol dá gcreidfimis go bhfuil gach neach ceangailte lena chéile, ionas gur theastaigh uainn aire ghrámhar a thabhairt do gach rud ar domhan?

Bímis gníomhach in ionad a bheith cainteach! Mar ghrúpa, smaoinigh ar shamplaí de bheith cineálta lenár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha agus meas a bheith againn orthu. I mbeirteanna, bíodh 10 nóiméad agaibh le sampla a roghnú agus rólghlacadh bunaithe air a chruthú. Roghnaigh teideal don rólghlacadh – mar shampla, 'Tugaimid Aire dár nÁit Chónaithe Coiteann Nuair a xxxx' – agus pioc ráiteas nó siombail amháin ón seisiún deireanach, a bhainfeadh leis an rólghlacadh.

## Céim 4: Gníomhú

**Am**
10n, móide gníomhaíocht


**Guí**

A Dhia Bheo,
Déan trócaire orainn,
toisc gur minic go ndéanaimid dearmad air, go mairimid ar scáth a chéile. Iarrann tú orainn a bheith ciúin
agus éisteacht le cogar an tSiúir Gaoithe, loinnir an Bráthair Gréine a mhothú, agus glacadh le cothú na Máthar-Chruinne.
Athnuaigh agus cneasaigh muid le do ghrá.
Spreag muid leis an domhan agus a chéile a chothú go haireach ionas go mbeidh rath ar chách.
(Rachel McCarthy/CAFOD)

## An Teaghlach i nGníomh

Scríobh mana do theaghlaigh féin. Bain úsáid as an iniúchadh atá déanta againn sa seisiún seo chun tú a spreagadh; coinnigh gníomhartha an ghrá laethúil i gcroílár do mhana. Dear do shuaitheantas teaghlaigh féin, á nascadh le do chiorcal an tionchair.

Iarrann an Pápa Proinsias orainn i *Laudato Si'*, filleadh ar chleachtadh an altaithe roimh bhéilí: 'Iarraim ar gach creidmheach filleadh ar an nós álainn bríoch seo. Cuireann tráth na beannachta sin, is cuma cé chomh gearr é, ár spleáchas ar Dhia ar feadh an tsaoil i gcuimhne dúinn; neartaíonn sé ár mbuíochas as bronntanais na cruthaitheachta; tugtar aitheantas dóibh siúd a sholáthraíonn na hearraí seo dúinn trína gcuid saothair; agus athdhearbhaíonn sé ár ndlúthpháirtíocht leo siúd is mó gátar' (LS, 227). Seo altú roimh bhéilí a d'fhéadfaí a úsáid gach lá i measc an teaghlaigh:



A Dhia Ghrámhar, iarraimid do bheannacht ar an mbia seo a thagann chugainn trí shaothar an iliomad duine, ón uair a cuireadh na síolta i dtalamh, gur tháinig sé go dtí ár mbord anseo inniu. Cabhraigh linn aire cheart a thabhairt do do chruthú álainn i gcónaí. Amen.

# SEISIÚN 4: AN CREIDEAMH AGUS AN GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE




Stailc Bhleá Cliath na hAeráide, Meán Fómhair 2019.
**Grianghraf: Garry Walsh, Trócaire**

**Céim 1**

**Am**
10n

Tosaímis le cluiche.
Scríobhfadh gach duine síos gach gníomh a dhéanaimid inár bparóiste, inár bpobal, sa bhaile, agus inár n-ionaid oibre chun cabhrú leis an timpeallacht. Ansin mar ghrúpa, déanaimis machnamh ar na focail seo.


Roinn an machnamh seo a leanas leis an ngrúpa:

Nuair a cruthaíodh tú, ní raibh ionat ach cill aonair, micreacosma na beatha, le feiceáil ar éigean ag an tsúil nocht ach lán leis an bpoitéinseal do gach a d'éireodh leat a dhéanamh, gach gníomh, gach rogha, gach aon ghaol.

Níl ionat ach braon san aigéan, ach gan tusa, ní dhéanfar an t-aigéan as an uisce sin. Níl ionat ach gráinne gainimh, ach is é meáchan an ghráinne sin buille na tubaiste. Níl ionat ach braon drúchta a shúitear isteach sa talamh agus atá imithe faoi mheán lae, ach tugann an braon drúchta sin beatha don síol a fhásann sa chré. Níl ionat ach duine amháin, ach bíonn níos mó cumhachta ag an duine aonair ná mar a shamhlófaí duit. Déanann duine amháin an difríocht. Is féidir le do chuid roghanna cruth na maitheasa agus na fírinne a chur ar an scéal daonna, más é do thoil é.

## Céim 2: Cad a Deir ár gCreideamh Faoi?

**Am**
20n



**Scrioptúr**
Gabhann Pól Buíochas

Scríobh Pól litreacha chuig na Críostaithe in áiteanna ar thug sé cuairt orthu. Scríobh sé lena rá leo gur smaoinigh sé orthu go minic agus d'iarr sé ar Dhia aire a thabhairt dóibh. Ghabh sé buíochas as an bhfáilte a cuireadh roimhe.

Scríobh sé lena rá leo go raibh grá chomh mór sin ag Dia dóibh gur sheol sé Íosa chun cabhrú leo.

Scríobh sé lena mheabhrú dóibh go raibh gá ag gach aon duine, Pól féin fiú, le maithiúnas Dé. Níl aon duine againn foirfe. Scríobh sé lena mheabhrú dóibh gur gá Dia a ghrá, ní inniu amháin, ach gach lá.

Mheabhraigh sé dóibh gur gá a bheith cineálta lena chéile, agus a raibh acu a roinnt lena chéile.

**Laudato Si'**
Cén sórt domhan ar mhaith linn a fhágáil dóibh siúd a thagann inár ndiaidh, do leanaí atá ag fás aníos anois? (LS, 160)

**Bhíodh na Féileacáin ag Rince Anseo**
Tar éis am lóin, chuaigh Daid, Mam, Ciara agus Tomás amach ag siúl. 'Inniu taispeánfaidh mé duit an áit ina mbínn ag imirt peile le mo chairde,' arsa Daid. 'Agus an áit ina mbínn féin agus mo chairde ar thóir na bhféileacán álainn,' arsa Mam.

Tar éis dóibh a bheith ag siúl ar feadh tamaill, stad na tuismitheoirí agus dúirt siad, 'Seo í! Táimid tagtha.'

'Cén áit?' a d'fhiafraigh Tomás. 'Is bloc árasán é seo ina bhfuil cónaí ar mo chara Seán.'

'Bíodh agat,' a d'fhreagair an t-athair, 'ach nuair a bhí muid ag fás aníos bhí píosa leathan talún ann.

D'imir muid peil anseo, gan réiteoir agus gan faiche pheile ceart, ná seomra feistis a bheith againn. Ní raibh san áit ach liathróid agus slua páistí sona'.

Arsa Mam leis: 'Agus bhímis ag súgradh ar an taobh eile den pháirc, áit a bhfuil siopa caife agus seastán nuachtáin anois. Ba é an cluiche is fearr a thaitin linn ná féileacáin a leanúint agus na cinn is áille a chuardach, na cinn leis na dathanna suimiúla.

'Agus ansin?' a d'fhiafraigh an bheirt pháiste.

'Tharla tráthnóna áirithe,' arsa Daid, 'Gur thángamar anseo don ghnáthchluiche peile, agus chonaiceamar go raibh an pháirc, dúnta suas. Chaith Seonaí an liathróid isteach sa chlaí agus d'imigh sé leis.'

'Tharla an rud céanna dúinne,' arsa Mam. 'Tháinig muid ar lorg féileacán, agus bhíodar imithe ón áit.'

Bhí an bheirt pháiste ina dtost. Ansin ghlaoigh Ciara amach agus sceitimíní uirthi: 'Féach, a Mham, féileacán!

Ceann de na cinn is ansa leat! Féach a Dhaid, tá sean liathróid sractha sa díog. An libhse é?'

Ní dúirt an t-athair ná an mháthair rud ar bith mar go raibh siad ar bhóithrín na smaointe. Rug siad greim láimhe ar a chéile agus leanadar ar aghaidh. Arsa Tomás, 'Ar a laghad d'fhéadfaidís paiste talún a fhágáil daoibh le peil a imirt air'! Agus dúirt Ciara, 'Is maith liom na féileacáin, ach anois ní féidir linn iad a fheiceáil ach amháin nuair a thugaimid cuairt ar na seantuismitheoirí faoin tuath.' Ansin bheannaigh sí don fhéileacán a bhí ag taisteal idir na foirgnimh: 'Dia duit, a Dheirfiúr Féileacán.'

(In oiriúint ó *Hello, Sister Bee* le Luigi Ferraresso agus Fabrizio Zubani)

**Laudate Deum**
Tá cultúr nua á cruthú ag na líonta tí a bhíonn ag iarraidh truailliú agus dramhaíl a laghdú, agus a bheith mar thomhaltóirí stuama. Is fíor go bhfuil nósanna pearsanta, teaghlaigh agus pobail ag athrú, agus níos mó aire á thabhairt don domhan. Tá claochlú ag tarlú laistigh den tsochaí. (LD, 71)

## Céim 3: Aimsigh na Naisc

**Am**
20n

- Is éard is brí le bheith i do dhuine creidimh ná gníomhú ar son an domhain feabhsaithe. Tugtar 'ceartas sóisialta' ar an ngníomh seo. An raibh a fhios agat? Mar ghrúpa, pléigí bealaí inar féidir linn gníomhú chun aire a thabhairt do chruthú Dé.
- Féach ar bheochan na bunscoile *Laudato Si'* agus pléigh na ceisteanna seo mar ghrúpa:
- An bhfuil aon cheann de na smaointe a luaigh sibh i bplé an ghrúpa, le sonrú san fhíseán?
- An bhfuair tú aon smaoineamh nua ón bhfíseán?




- I Seisiún a trí, phléamar na háiteanna is fearr linn agus ciorcal an tionchair atá againn. An mbaineann an t-eolas san fhíseán seo, leis na rudaí sin ar aon chaoi?

## Céim 4: Gníomhú

**Am**
10n, móide gníomhaíocht

**Guí**
Urnaí ar son an Domhain

A Dhia uilechumhachtaigh, tá tú i láthair sa domhan ar fad agus sa chréatúr is lú atá ann. Beireann tú barróg ghrámhar ar gach a bhfuil ann.
Doirt anuas orainn cumhacht do ghrá, ionas go ndéanfaimid an bheatha agus an áilleacht a chosaint agus a chaomhnú.
Líon sinn le do shíocháin, chun go mairfimid mar dheartháireacha agus deirfiúracha, gan dochar a dhéanamh d'aon duine. A Dhia na mbocht, cuidigh linn daoine imeallacha tréigthe an domhain, atá luachmhar i do shúile, a shábháil.
Leigheasaigh ár saol féin, ionas go ndéanfaimis an domhan a chosaint agus gan creach a dhéanamh air. Deonaigh go gcuirfimid an áilleacht in áit an truaillithe agus an scriosta. Bog na croíthe díobh siúd nach bhfuil uathu ach brabach a dhéanamh ar chostas na mbocht agus na talún. Múin dúinn fíorluach gach ní a thuiscint, le go líonfar le hiontas muid, ionas go n-aithneoimid go bhfuilimid aontaithe go mór le gach créatúr agus muid ag taisteal i dtreo do sholas síoraí. Gabhaimid buíochas leat as a bheith linn gach lá. Guímid go spreagfar sinn leanúint leis an streachailt ar son an cheartais, an ghrá agus ar son na síochána.
Amen.
(*Laudato Si'*, 246)

## An Teaghlach i nGníomh

Maith thú! Tá na ceithre sheisiún comhlíonta agat. Ainmnigh rud amháin a thug spreagadh duit, agus rud amháin a d'fhoghlaim tú anseo.

Tugaimid cuireadh daoibh breathnú ar scannán an Phápa Proinsias: *The Letter: A Message for Our Earth*, atá ar fáil ag https://theletterfilm.org Is do pháistí thar 12 bliana é.

D'fhéadfaí tús a dhéanamh le chéile, le gairdín a chur sa bhaile, nó sa pharóiste. D'iarr easpaig na hÉireann ar na paróistí obair lena chéile agus roinnt talún a chur i leataobh mar anaclann dúlra. Is féidir cabhair a lorg anseo: https://www.catholicbishops.ie/laudato-si/returning-to-nature/

*Laudate Deum!* Moladh le Dia!

# IS É TRÓCAIRE GNÍOMHAIREACHT FHORBARTHA THAR LEAR NA hEAGLAISE CAITLICÍ IN ÉIRINN

**Tá acmhainní breise, grianghraif agus físeáin ar fáil ag:**
trocaire.org/our-work/working-in-ireland/parishes

Grianghraf Tosaigh: Machinga district, Malawi.
**Creidiúint:** iStock

Scríbhneoirí: Anna Keegan (Trócaire), Jane Mellett (Trócaire) agus Nóirín Lynch (FCJ Spirituality House).

**Bí linn ar:**

**Facebook:** – facebook.com/trocaireireland
– Bí i dteagmháil linne

**X/Twitter:** – twitter.com/trocaire
– Na tvuíteanna is déanaí

**YouTube:** – youtube.com/trocaire
– Tacaíonn sibh leis na daoine seo

**Vimeo:** – vimeo.com/trocaire
– Breathnaigh ar na físeáin

**Instagram:** – instagram.com/trocaireonline
– Físeáin agus grianghraif

**Déan Teagmháil Linn:**

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)86 198 8781
R: Anna Keegan ag:
anna.keegan@trocaire.org

Trócaire, 50 Sráid an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Trócaire, 9 Sráid an
Chócaigh, Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

www.trocaire.org

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

TAG: CH4